



## CUMANN LÚTHCHLEAS GAEL

### TRÁTH NA gCEISTEANNA BOIRD – COMÓRTAS NÁISIÚNTA

#### RIALACHA AGUS COINNÍOLLACHA

##### Cáilitheacht agus Réimniú

1. Is foirne as clubanna de chuid CLG a ghlacfaidh páirt sa chomórtas.
2. Ceadófar do gach cúige trí (3) fhoireann a chur chun cinn don Chomórtas Náisiúnta.
3. Is i bPáirc an Chrócaigh a reachtálfar an Comórtas Náisiúnta.
4. Beidh ceathrar ball ar gach foireann. Ainmeofar ionadaí amháin do gach foireann. Ainmeofar ball amháin den fhoireann mar Chaptaen na Foirne.
5. Is as Gaeilge amháin a reachtálfar an comórtas agus ní mór do gach ball de na foirne a bheith ábalta páirt a ghlacadh go hiomlán trí mheán na Gaeilge.
6. Dearbhóidh Rúnaí an chlub ar theastas gur baill den chlub iad gach ball den fhoireann chomh maith leis an ionadaí agus go bhfuil gach ball ábalta páirt a ghlacadh sa chomórtas trí mheán na Gaeilge. Tabharfaidh Captaen na Foirne an teastas seo ar lámh do Mháistir na gCeisteanna sula dtosóidh an comórtas. Ní cheadófar don fhoireann páirt a ghlacadh sa chomórtas gan an teastas seo. Is gá go mbeadh uimhir bhallraíochta ag gach iomaitheoir ar a laghad trí lá roimh thús gach comórtais.

##### Leagan Amach

7. Beidh gach foireann ina suí ag bord.
8. Beidh naoi (9) mbabhta le deich (10) gceist scríofa i ngach babhta. Tabharfar freagra scríofa ar na babhtaí seo.
9. Beidh aon bhabhta amháin (1) ina gcuirfear dhá cheist (2) ar gach ball de gach foireann. Is freagra scríofa a thabharfar ar cheisteanna an bhabhta seo. Suífidh gach ball ag suíochán leo féin agus na ceisteanna á bhfreagairt acu.
10. Tabharfar aon mharc amháin (1) do gach freagra ceart ar na ceisteanna sna gnáthbhabhtaí agus dhá mharc (2) do gach freagra ceart ar na ceisteanna aonair.

##### Babhtaí agus Ceisteanna

11. Seo a leanas ábhair na mbabhtaí. Réiteoidh Máistir na gCeisteanna ord na mbabhtaí.
  - Peil na bhFear agus Peil na mBan

- Iománaíocht agus Camogaíocht
  - Babhta Ginearálta ar CLG
  - Stair na hÉireann
  - Stair agus Tíreolaíocht an Domhain
  - Tíreolaíocht na hÉireann
  - Cúrsaí Reatha na hÉireann
  - Cúrsaí Reatha an Domhain
  - Cultúr na hÉireann
  - Eolas Ginearálta
12. Is faoin téimhse cúig bliana (5) roimh dháta an chomórtais a bhainfeas na ceisteanna cúrsaí reatha.
  13. Is Coiste Náisiúnta na Gaeilge CLG a leagfas síos na ceisteanna i gcomhar le Máistir na gCeisteanna.
  14. Beidh freagra dearfach agus soiléir ar gach ceist.
  15. Ní chuirfear aon cheist i bpáirt agus ní bhronnfar leathmharcanna ar aon fhreagra.
  16. Bronnfar duais órga, airgid agus cré-umha ar an trí fhoireann a gheobhfas na marcanna is airde sa chomórtas.

### **Babhta Réitigh**

17. Sa chás go mbeidh dhá fhoireann nó níos mó ar comhscór tar éis an 10 mbabhta, reachtálfar babhtaí “bás tobann” ina gcuirfear aon cheist amháin i ngach babhta ar na foirne atá fágtha sa chomórtas go dtí go mbeidh foireann bhuacach ann.

### **Freagraí**

18. Ní mór na freagraí a bheith scríofa as Gaeilge.
19. Tabharfar leide, más gá, maidir le modh freagra na ceiste. Mar shampla, go nglacfar le sloinne amháin mar fhreagra más ainm duine atá i gceist nó go nglacfar le leagan Béarla den fhreagra más i mBéarla is coitianta an freagra.

### **Ginearálta**

20. Déanfaidh Máistir na gCeisteanna gach cinneadh maidir leis na freagraí nó aon sárú fúthu.
21. Iarfar ar gach duine uirlisí cumarsáide, fóin póca mar shampla, a mhúchadh sula dtosóidh an comórtas.
22. Dícháilfear aon fhoireann a dhéanann iarracht aon teagmháil a dhéanamh taobh amuigh den seomra le linn an chomórtais.
23. Is idir babhtaí amháin a cheadófar an seomra a fhágáil.

**Tá Coiste Náisiúnta na Gaeilge CLG ar aon fhocal maidir leis na rialacha seo.**